



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Bealtaine 2018
(OR. en)

8954/18

DEVGEN 66
ACP 37
FIN 386
RELEX 406
ENER 145
CLIMA 81

TORADH NA nIMEACHTAÍ

Ó: Ardrúnaíocht na Comhairle

An: 22 Bealtaine 2018

chuig: na toscaireachtaí

Uimh. an doic. 8550/18
roimhe seo:

Ábhar: Fuinneamh agus forbairt
- Conclúidí ón gComhairle (22 Bealtaine 2018)

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le fuinneamh agus le forbairt, mar a ghlac an Chomhairle iad ag an 3618ú cruinniú a bhí aici ar an 22 Bealtaine 2018.

Fuinneamh agus forbairt**Conclúidí ón gComhairle**

1. Chun na spriocanna forbartha inbhuanaithe (SDGanna) a bhaint amach agus le nach bhfágfar aon duine ar lár, féachfaidh an tAontas gona Bhallstáit le luas a chur le poitéinsiúil earnáil an fhuinnimh trí thrí cinn de phríomhchuspóirí idirnasctha a shaothrú, ar bhealach costéifeachtach, i réimse an fhuinnimh agus na forbartha: (1) aghaidh a thabhairt ar an easpa rochtana ar fhuinneamh; (2) an éifeachtúlacht fuinnimh agus giniúint an fhuinnimh in-athnuaite a mhéadú; agus (3) cuidiú leis an gcomhrac domhanda i gcoinne an athraithe aeráide ar aon dul le Comhaontú Pháras agus leis na Rannchuidithe arna gCinneadh go Náisiúnta ag na Páirtithe¹.
2. Maidir le tíortha comhpháirtíochta i mbéal forbartha, meabhraíonn an Chomhairle go dtugann an tAontas gona Bhallstáit aghaidh ar an mbochtaineacht fuinnimh ar gach leibhéal trí rannchuidiú leis an rochtain uilíoch ar fhuinneamh inacmhainne, nua-aimseartha, iontaofa agus inbhuanaithe, agus béim láidir á leagan ar fhuinneamh in-athnuaite, ar an éifeachtúlacht fuinnimh agus ar rialachas fóna na gcóras fuinnimh. Aithníonn an Chomhairle gur den ríthábhacht í an rochtain ar fhuinneamh chun fáil réidh leis an mbochtaineacht agus gur den riachtanas é freisin an t-aistriú fuinnimh má táthar chun clár oibre 2030 a chur i gcrích, lena n-áirítear na spriocanna forbartha inbhuanaithe. Iarrann an Chomhairle ar na páirtithe go léir a gcuid tacaíochta a spriocdhíriú, lena n-áirítear trí uirlisí ábhartha beartais shóisialta, ar dhaoine bochta agus ar limistéir leochaileacha gheografacha go háirithe. Cuireann an Chomhairle i dtreis go bhfuil an bhochtaineacht fuinnimh agus na hiarmhairtí a bhaineann léi i measc bhunchúiseanna na himirce neamhrialta, ós rud é go spreagann siad daoine dul chun slí bheatha níos fearr a aimsiú áit éigin eile.

¹ De réir mar a shonraítear i gcomhdhearcaadh Eorpach 2017 maidir le Forbairt (10108/17)

3. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí a d'fhéadfadh naisc thrasearnálacha a bheith ó thaobh tairbhí iomadúla agus sineirgí a uasmhéadú trí fhuinneamh inbhuanaithe a chur chun cinn mar chumasóir do na spriocanna forbartha inbhuanaithe. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar na hidirnaise idir an fuinneamh agus réimsí eile, lena n-áirítear díothú na bochtaineachta, comhionannas inscne, fostaíocht, fás inbhuanaithe talmhaíochta, an tslándáil bhia, an t-oideachas, sláinte, uisce glan agus sláintíocht, an tsíocháin agus an tslándáil, dídeanaithe agus cásanna eile easáitithe. Maidir leis an riosca go ndéanfaí idirbhabhtáil, *inter alia* idir réimsí an fhuinnimh inbhuanaithe, na slándála bia agus an uisce, caithfear é sin a bhainistiú d'fhonn cur le héifeachtúlacht úsáide acmhainní, trí leas a bhaint as sineirgí, agus feabhas a chur ar an rialachas agus ar an gcomhleanúnachas beartais trasearnálach. Leagann an Chomhairle béim freisin ar a thábhachtaí atá sé tionscnaimh bheartais a chur chun cinn agus tacú le tíortha comhpháirtíochta agus cur chuige comhtháite á phleanáil, á chomhordú agus á chur chun feidhme lena bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar bhealach nithiúil ar na hidirnaise idir talamh, bia, uisce agus fuinneamh.
4. Aithníonn an Chomhairle gur gá an comhionannas inscne a phríomhshruthú sna gníomhaíochtaí ar fad a bhaineann le forbairt agus fuinneamh, agus meabhraíonn sí na gealltanais i bplean gníomhaíochta an Aontais maidir leis an gcomhionannas inscne. Leagann an Chomhairle béim ar leith ar a thábhachtaí atá sé a áirithiú go mbeidh cothromas ann idir fir agus mná ó thaobh rochtain ar acmhainní fuinnimh agus ó thaobh na hacmhainní sin a rialú. Cuireann an Chomhairle i bhfáth gur gá tacú tuilleadh le cumhachtú na mban, na gcailíní agus na hóige, agus lena rannpháirteachas ar bhonn comhionann in earnáil an fhuinnimh, lena n-áirítear trí fhiontraíocht, oideachas agus gairmoiliúint na mban agus trí rochtain níos fearr a bheith acu ar acmhainní airgeadais.

5. Meabhraíonn an Chomhairle na conclúidí ón gComhairle maidir le fuinneamh agus le forbairt² agus na conclúidí maidir le straitéis dhomhanda an Aontais Eorpaigh³ a chur chun feidhme. Is cuid thábhachtach de ghné sheachtrach aontas fuinnimh an Aontais Eorpaigh é tacú leis an Afraic agus le comharsanacht an Aontais agus iad ag aistriú chuig fuinneamh inacmhainne, slán, inbhuanaithe. Le cur le hathléimneacht na stát agus na sochaithe sna tíortha comhpháirtíochta, ba mhór an chabhair tacú le comhleanúnachas níos fearr idir beartais fuinnimh agus aeráide, lena n-áirítear trí thaidhleoireacht chomhordaithe aeráide agus fuinnimh, chun go bhféadfar an t-aistriú fuinnimh a ailíniú le spriocanna Chomhaontú Pháras. I gcomhréir le straitéis dhomhanda an Aontais agus leis an gcomhdhearcaidh Eorpach maidir le forbairt, tá an tAontas Eorpach réidh chun tacú leis na tíortha comhpháirtíochta ar fad i mbéal forbartha ina gcuid iarrachtaí agus iad ag aistriú, ar iarrachtaí den riachtanas iad chun an athléimneacht agus an chobhsaíocht a chothú. Athdhearbhaíonn an Chomhairle gur gá cloí go hiomlán leis na caighdeáin idirnáisiúnta chomhshaoil agus sábháilteachta núicléiche sna tíortha comhpháirtíochta, mar a luaitear sa chomhdhearcaidh Eorpach maidir le forbairt.
6. Leagann an Chomhairle béim freisin ar a thábhachtaí atá sé go ndéanfaí an earnáil fuinnimh agus gach cuid eile den gheilleagar a nuachóiriú i gcomhthráth. Mar cheann de phríomhthiomántóirí an gheilleagair, tá ról lárnach ag earnáil an fhuinnimh san fhorbairt inbhuanaithe.
7. Leagann an Chomhairle béim ar a riachtanaí atá sé go neartófar an comhar agus na cumais, idir réigiúnach agus fhoréigiúnach, in earnáil an fhuinnimh inbhuanaithe agus na haeráide. Ina theannta sin, tacaíonn an Chomhairle leis na hiarrachtaí chun costéifeachtacht na hearnála fuinnimh a mhéadú, rud a chuirfeadh le comhtháthú, trádáil agus infheistíocht réigiúnach, amhail na hionaid réigiúnacha um fuinneamh inbhuanaithe atá bunaithe sna pobail eacnamaíocha réigiúnacha.

² 14839/16

³ 6981/17

8. Is díol sásaimh don Chomhairle doiciméad inmheánach oibre an Choimisiúin *Empowering Development: Implementation of the new European Consensus on Development in energy cooperation* [An Fhorbairt a Chumhachtú: Cur chun feidhme an Chomhdhearcaidh nua Eorpaigh maidir le forbairt sa chomhar fuinnimh]⁴. Go háirithe, aontaíonn an Chomhairle gur den tábhacht na trí cinn de thiomántóirí seo a leanas chun na cuspóirí forbartha a bhaint amach i réimse an fhuinnimh: (i) an úinéireacht pholaitiúil agus comhpháirtíochtaí a chur chun cinn don chur chun feidhme, (ii) feabhas a chur ar an rialachas, agus earnáil an fhuinnimh a athchóiriú, agus (iii) borradh a chur faoin infheistíocht trí bheartais agus creataí rialála iomchuí, lena n-áirítear trí ionstraimí nuálacha airgeadais. Leagann an Chomhairle béim freisin ar a thábhachtaí atá sé tacú le digitiú na hearnála fuinnimh, mar is léir anois gur den tábhacht na réitigh dhigiteacha le bheith in ann déileáil le castacht mhéadaitheach na gcóras fuinnimh. Molann an Chomhairle freisin don Choimisiún cur leis an infheictheacht, an faireachán, an malartú eolais agus malartú na gcleachtas is fearr ó thaobh ghníomhaíochtaí an Aontais de, lena n-áirítear trí chomhar i ndáil leis an eolaíocht, an teicneolaíocht agus an nuálaíocht, i réimse an fhuinnimh agus na forbartha inbhuanaithe.
9. Molann an Chomhairle na cinntí agus gealltanais maidir le fuinneamh agus forbairt a glacadh ag Cruinniú Mullaigh Chomhpháirtíocht an Oirthir agus ag an 5ú Cruinniú Mullaigh idir an tAontas Afracach agus an tAontas Eorpach a bhí ar siúl i mí na Samhna 2017.
10. Is díol sásaimh freisin don Chomhairle an ghníomhaíocht nithiúil i réimse an fhuinnimh agus na forbartha, lena n-áirítear an dul chun cinn a rinneadh leis an tionscnamh EU4Energy agus tionscnamh fuinnimh in-athnuaite na hAfraice. Aithníonn an Chomhairle an poitéinsiúil a bhaineann le tionscnaimh eile chomhpháirtíochta, amhail an Comhaontas Gréine Idirnáisiúnta.
11. I réimse an fhuinnimh agus na forbartha, molann an Chomhairle go mbainfí úsáid as soláthar inbhuanaithe chun an chothromaíocht chuí a bhaint amach idir trí cholún na forbartha inbhuanaithe - an colún eacnamaíoch, an colún sóisialta agus an colún comhshaoil - ar mhaithe le soláthar earraí, seirbhísí nó oibreacha le linn chéimeanna éagsúla na dtionscadal.
12. Athdhearbhaíonn an Chomhairle an ról atá ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus ag na húdaráis áitiúla mar chomhpháirtithe cinntitheacha chun SDG 7 a bhaint amach, go háirithe mar chomhpháirtithe chun rochtain a chur ar fáil ar fhuinneamh i gceantair uirbeacha agus tuaithe.

⁴ 15866/17

13. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé go mbeadh na páirtithe leasmhara ábhartha go léir gníomhach, lena n-áirítear an earnáil phríobháideach, chun infheistíochtaí a mhéadú, trí rioscaí airgeadais a laghdú agus acmhainní breise a ghíaráil le haghaidh an fhuinnimh agus na forbartha. Sa chomhthéacs sin, molann an Chomhairle na tionscnaimh théamacha a dtacaítear leo leis an maoiniú measctha agus is díol sásaimh di dearadh na fuinneogí infheistíochta maidir le fuinneamh inbhuanaithe agus nascacht faoi Chiste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe an Phlean Infheistíochta Seachtraí. Leis an ionstraim sin tacaítear le hinfeistíochtaí agus le rochtain níos fearr ar mhaoiniú, lena n-áirítear i ndáil le fuinneamh in-athnuaite agus éifeachtúlacht fuinnimh. Téann sí chun sochair na dtíortha comhpháirtíochta agus na hearnála príobháidí san Afraic agus i gcomharsanacht na hEorpa, ag féachaint go mbainfí húsáid éifeachtach as fuinneamh inbhuanaithe mar thiomántóir don fhás cuimsitheach eacnamaíoch agus don fhorbairt inbhuanaithe, agus aghaidh a thabhairt, ar an gcaoi sin, ar roinnt de bhunchúiseanna sonracha socheacnamaíocha na himirce.
14. Aithníonn an Chomhairle na hiarrachtaí a rinne an Coimisiún chun an fhorbairt agus an bhreisíocht airgeadais a láidriú in oibríochtaí arna dtacú le maoiniú measctha an Aontais, go háirithe i réimse an fhuinnimh agus na forbartha. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a thiomanta atá an tAontas gona Bhallstáit an maoiniú measctha a úsáid i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach i gclár oibre gníomhaíochta Addis Ababa maidir le maoiniú don fhorbairt⁵.
15. Meabhraíonn an Chomhairle go gcabhróidh an tAontas gona Bhallstát le fáil réidh, de réir a chéile, le fóirdheontais don bhreosla iontaise, atá díobhálach don chomhshaol, agus tacú le réitigh atá sábháilte, inbhuanaithe, éifeachtúil ó thaobh acmhainní de, cliste ó thaobh na haeráide de agus a rannchuidíonn ar bhealach níos éifeachtaí leis an mbochtaineacht a dhíothú.
16. Is díol sásaimh don Chomhairle gur cuireadh luas leis an gcur chun feidhme i ndáil le SDG 7, lena n-áirítear réitigh ghlana cócaireachta agus teasa, an bhearna rochtana ar leictreachas a dhúnadh agus leas a bhaint as acmhainneacht na réiteach díláraithe agus áitiúil fuinnimh in-athnuaite.

⁵ Doiciméad deiridh an Tríú Comhdháil Idirnáisiúnta maidir le Maoiniú don Fhorbairt: Clár oibre gníomhaíochta Addis Ababa, mír 48 (15 Iúil 2015)

17. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá comhpháirtíochtaí domhanda maidir le fuinneamh agus forbairt atá dírithe ar é a chur ar chumas na ngeallsealbhóirí ar gach leibhéal próisis iomlánaíocha chlaochlaithe a chur chun feidhme. Dá bhrí sin, molann sí do na Ballstáit agus don Choimisiún comhoibriú agus comhordú éifeachtach a áirithiú, lena n-áirítear in ullmhú an 24ú seisiún de Chomhdháil na bPáirtithe i gCreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide agus an Fhórait Pholaitiúil Ardleibhéil maidir leis an bhForbairt Inbhuanaithe in 2018.
-